An Chomhairle Mhúinteoireachta
The Teaching Council

Nóta Eolais

Cad atá i gceist le bheith mar chomhalta den Chomhairle Mhúinteoireachta – Márta 2016

Tá roinnt eolais phraiticiúil leagtha amach thíos, a d'fhéadfadh a bheith mar chuidiú d'iarrthóirí do na poist mar mhúinteoirí tofa ar an gComhairle, agus do na forais ainmniúcháin nuair atá ainmniúchán na ndaoine á mheas atá le ceapadh ag an Aire Oideachais agus Scileanna chuig an gComhairle Mhúinteoireachta. Déantar tagairt do líon doiciméad atá ar fáil ar shuíomh gréasáin na Comhairle Múinteoireachta (http://www.teachingcouncil.ie/ga/), ar chóir do na hiarrthóirí don toghchán agus na hainmnithe féideartha a chur san áireamh.

1. Bunaíodh **An Chomhairle Mhúinteoireachta** agus tá sí á rialú faoi na hAchtanna um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001-2012. Is í an Chomhairle an comhlacht um chaighdeáin ghairmiúla don mhúinteoireacht in Éirinn agus clúdaíonn a sainchúram an earnáil bhunscoile, an earnáil iarbhunscoile agus codanna áirithe den earnáil bhreisoideachais. Tá 37 comhalta ag an gComhairle a dhéanann ionadaíocht do na príomhpháirtithe leasmhara sa mhúinteoireacht, lena n-áirítear múinteoirí tofa, ainmnithe ó na ceardchumainn múinteoirí, comhlachtaí bainistíochta na scoileanna, comhlachtaí náisiúnta na dtuismitheoirí, institiúidí ardoideachais, agus cúigear comhaltaí a ainmníonn an tAire (ainmniúchán ó IBEC agus ón ICTU san áireamh). Tá liosta de na comhlachtaí ainmniúcháin in Alt 8 de na Achtanna um Chomhairle Mhúinteoireachta. Is féidir breathnú ar na hAchtanna sa chuid 'Fúinn' de shuíomh gréasáin na Comhairle, atá ar fáil ag bun an leathanaigh bhaile nó tríd an nasc seo.

2. **Tá an Chomhairle freagrach as gairm na múinteoireachta a chur chun cinn agus a rialáil. Sa chomhthéacs seo, is iad seo a leanas a príomhfheidhmeanna**:
    a. ról na gcaighdeán agus na cáilíochta múinteoireachta a chur chun cinn;
    b. comhairle a chur ar an Aire maidir leis na riachtanais iontrála i gcláir oideachais múinteoirí;
    c. caighdeáin a bhunú agus monatóireacht a dhéanamh orthu do gach céim d'oideachas múinteoirí;
    d. Clár na Múinteoirí a choimeád (atá os cionn 91,000 múinteoir faoi láthair);
    e. Cód Iompair Ghairmiúil a fhorbairt agus a nuashonrú; agus
    f. Imscrúdú a dhéanamh ar ghearáin maidir leis an bhfeidhmiúlacht chun múineadh a bhíonn ag múinteoir.

3. **Conas a fheidhmíonn an Chomhairle** – Tá an fhreagracht iomlán ag an gComhairle a bhfuil 37 comhalta aici don rialachas agus don chinnteoireacht, agus tagann an Chomhairle le chéile sé huaire go seacht n-uaire in aghaidh na bliana de ghnáth. D'fhéadfaí cruinnithe breise a ghairm ó am go ham de réir mar is gá. Go praiticiúil, tá cuid mhór d'obair na Comhairle déanta trí choistí agus fochoistí na Comhairle, a thagann le chéile go rialta (féach an tábla thíos). Faigheann an Chomhairle, na coistí agus na painéil tacaíocht ó Stiúrthóir agus baill foirne na Comhairle. Bunaíodh trí cinn de na Coistí – An Coiste Feidhmeannais, an Coiste Imscrúdaithe agus an Coiste Araíonachta – ar bhonn reachtúil.

Go ginearálta, fobraíonn na coistí polasaithe le cur faoi chaibidil ag an gComhairle iomlán agus déanann na trí phainéal ag i, j agus k thíos breithniú ar chúrsaí iarratais ar chlárú múinteoirí neamhchaighdeánacha. Pléann na coistí Imscrúdaithe agus Araíonachta le cúrsaí a bhaineann le gearáin maidir leis an bhfeidhmiúlacht chun múineadh a bhíonn ag múinteoir.

Is iad seo a leanas príomhchoistí agus príomhphainéil na Comhairle:

a. An Coiste Feidhmeannais (11 chomhalta)
b. An Coiste Clárúcháin (13 chomhalta)
c. An Coiste Oideachais (13 chomhalta)
d. An Coiste Airgeadais (seacht gcomhalta)
e. An Coiste Iniúchóireachta (cúig chomhalta)
f. An Coiste Imscrúdaithe (11 chomhalta)
g. An Coiste Araíonachta (13 chomhalta)
h. Painéal um Iarratais ar Chlárú Bunscoile (seacht gcomhalta)
i. Painéal um Iarratais ar Chlárú Iarbhunscoile (seacht gcomhalta)
j. Painéal Fianaise ar Charachtar (seacht gcomhalta)

Faoi na hAchtanna um Chomhairle Mhúinteoireachta, féadfaidh an Chomhairle ó am go ham coistí breise a bhunú. Go dtí seo, bhí na baill uile de na coistí agus painéil mar chomhaltaí den Chomhairle. Is féidir teacht ar eolas breise faoi na róil agus an bhallraíocht atá ag na coistí agus na painéil in Aguisín 3 den Tuarascáil is déanaí (2013/2014) atá foilsithe ag an gComhairle, atá ar fáil sa chuid 'Foilseacháin' de shuíomh gréasáin na Comhairle tríd an nasc seo.

Tá sceideal chruinnithe na Comhairle agus na gCoistí don bhliain dar críoch 27 Márta 2014 leagtha amach anseo thíos:

An Chomhairle	7
An Coiste Feidhmeannais*	6
An Coiste Clárúcháin/Grúpa um Athbhreithniú ar Chlárúchán	10
An Coiste Oideachais	6
An Coiste Airgeadais	7
An Coiste Imscrúdaithe*	5
An Coiste Araíonachta*	5
An Coiste Iniúchóireachta	3
Painéal Fianaise ar Charachtar	10
Painéal um Iarratais (Bunscoil)	9
Painéal um Iarratais (Iarbhunscoil)	12
Fochoiste um Nósanna Imeachta (ad-hoc)	6

** Coistí Reachtúla*

4. Comhaltaí na Comhairle –

a. Ceapann an tAire an 37 comhalta uile ar ar feadh tréimhse suas go ceithre bliana. Ceapfar na múinteoirí tofa agus na cúig ainmní den Aire (ainmní an ICTU agus ainmní IBEC san áireamh) ar feadh tréimhse ceithre bliana (2016-2020). Ceapfar na hainmnithe eile ar feadh tréimhse dhá bhliain (2016-2018), agus ina dhiaidh sin beidh ceapacháin na n-ainmnithe ar feadh tréimhse ceithre bliana (2018-2022, etc.). Is beartas aonuaire é an chéad tréimhse a bheidh níos gaire d'ainmnithe áirithe ionas go mbeidh ráta athraithe níos eagraithe de bhallraíocht na Comhairle ann amach anseo.

b. Ní mór do chomhaltaí na Comhairle cloí leis na riachtanais um leasanna a nochtadh faoi Alt 58 den Acht. Chomh maith leis sin, ní mór do chomhaltaí na Comhairle cloí leis na riachtanais de na hAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí, a bhaineann leis na comhlachtaí poiblí.

c. Tagann an Chomhairle faoin sainchúram de na Treoirlínte um Rialachas Corparáideach do Chomhlachtaí Poiblí (arna fhoilsiú ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe). Oibríonn an Chomhairle, na coistí agus an Stiúrthóir laistigh de na téarmaí den *Chód Cleachtais do Chomhaltaí na Comhairle, don Chathaoirleach, Stiúrthóir agus Rúnaí*, atá ar fáil ar an leathanach 'Fúinn' de shuíomh gréasáin na Comhairle agus tríd an nasc (béarla) seo. Is é seo príomhdhoiciméad um rialachas corparáideach na Comhairle.

d. Ní mór do chomhaltaí agus baill foirne na Comhairle cloí leis an gCód Iompair atá faofa ag an gComhairle freisin, atá ar fáil ar an leathanach 'Fúinn' de shuíomh gréasáin na Comhairle agus tríd an nasc (béarla) seo.

e. Féadfar cruinnithe den Chomhairle agus de na coistí a sceidealú don chéad leath den tseachtain (Dé Luain, Dé Máirt nó Dé Céadaoin). Déanann an Chomhairle féilire na gcruinnithe a fhaomhadh roimh ré. **Bíonn neart éileamh déanta ar chomhaltaí ó thaobh ama** de bhun líon na gcoistí agus na bpainéal agus an leibhéal gníomhaíochta de na fóraim sin. Ba chóir a chur san áireamh freisin go mbeidh tús feidhme curtha ag an Aire le feidhmeanna 'Feidhmiúlacht chun Múineadh' na Comhairle go luath amach anseo agus leanfaidh an dá choiste a bhfuil baint acu sa réimse seo – An Coiste Imscrúdaithe agus an Coiste Araíonachta – agus ualach oibre suntasach acu.

f. Níl aon táillí ná liúntais iníoctha le seirbhís a dhéanamh mar chomhalta den Chomhairle. Tá socruithe ionadaithe i bhfeidhm do na comhaltaí atá ag feidhmiú mar mhúinteoirí. Íoctar costais taistil agus chothabhála do na costais taistil ar gá a bheith tabhaithe ag na comhaltaí le linn na tréimhse a chaitheann siad i mbun a gcuid dualgas den Chomhairle Mhúinteoireachta. Íoctar iad seo i gcomhréir le himlitreacha na Roinne Airgeadais.